2024/1271

30.4.2024

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1271 ÓN gCOMHAIRLE

## an 29 Aibreán 2024

## lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó [1], agus go háirithe Airteagal 9(1), (2) agus (5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Iúil 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(2) An 20 Feabhra 2024, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, seisear le liosta na ndaoine aonair agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha. Ba cheart, dá bhrí sin, an seisear sin a áireamh ar liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 1183/2005, agus ba cheart iad a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí in Iarscríbhinn Ia a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Chuir Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe tuilleadh faisnéise ar fáil freisin a bhaineann le beirt a áirítear ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, agus ba cheart, dá bhrí sin a n-iontrálacha a thabhairt cothrom le dáta.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Aibreán 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

D. CLARINVAL

---

[1] IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

(1) Cuirtear na daoine seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha a leagtar amach i gCuid ‘a) Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 2a’, d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005:

‘39. Apollinaire HAKIZIMANA

(ailias: a) AMIKWE LEPIC) b) LE POÈTE, c) ADONIA)

Ainmniú: a) Leifteanant-Ghinearál b) Coimisinéir Cosanta na Forces Démocratiques de Libération du Rwanda – Forces Combattantes Abacunguzi (FDLR-FOCA).

Dáta breithe: 1964.

Dáta ainmnithe na Náisiún Aontaithe: 20 Feabhra 2024.

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhíreanna 7(b), 7(e) agus 7(h) de rún 2293 (2016) mar “cheannairí polaitiúla agus míleata ar ghrúpaí armtha eachtracha atá ag oibriú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus a chuireann bac ar dhí-armáil agus ar aisdúichiú nó athlonnú deonach na gcomhraiceoirí a bhaineann leis na grúpaí sin”; “gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí ar chearta an duine nó sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme, lena n-áirítear na gníomhartha sin a bhaineann le díriú ar shibhialtaigh, lena n-áirítear marú agus mascadh, éigniú agus foréigean gnéasach eile, fuadach, easáitiú éigeantach, agus ionsaithe ar scoileanna agus ar ospidéil”; agus “ag gníomhú thar ceann duine aonair nó eintiteas ainmnithe nó faoina stiúir, nó ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis aonair nó eintitis ainmnithe”, arna shíneadh le rún 2688 (2023). Mar cheannaire míleata ar an FDLR-FOCA, tá baint ag Apollinaire HAKIZIMANA le gníomhaíochtaí an ghrúpa a chur chun cinn agus tacú leo.

Coinníonn “Forces démocratiques de libération du Rwanda-Forces combattantes abacunguzi” (FDLR-FOCA), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, lena n-áirítear sibhialtaigh a mharú, agus sáruithe tromchúiseacha, ar nós éigniú agus gníomhartha eile foréigin ghnéasaigh agus fuadach, lena n-áirítear i gcoinne leanaí. Tá FDLR-FOCA faoi stiúir daoine aonair atá faoi smachtbhannaí “Leifteanant-Ghinearál” Gaston Iyamuremye, ailias Rumuli nó Victor Byiringiro agus “Ginearál” Pacifique Ntawunguka, ailias Omegam.

Mar cheannaire ar FDLR-FOCA, tá baint ag Apollinaire HAKIZIMANA le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Mar Leifteanant-Ghinearál agus mar Choimisinéir Cosanta FDLR-FOCA, tá Apollinaire HAKIZIMANA i gceannas ar eintiteas ainmnithe in éineacht le daoine aonair ainmnithe.

40. Ahmad Mahmood HASSAN

(alias: a) Ahmed Mahamud Hassan ALIYANI b) Ahmad Mahmoud HASSAN c) Ahmad Mahamood HASSAN d) Ahmed Mahmoud HASSAN e) Abu WAQAS f) SAINT JOYAGE g) JUNDI h) ABWAKASI i) ABUWAKAS j) MURABU k) MARABOU l) MWARABU m) LEBLANC)

Ainmniú: a) Leifteanant-Ghinearál b) Ceannaire sinsearach ar na Comhfhórsaí Daonlathacha (ADF)

Dáta breithe: a) 21 Iúil 1997 b) 1993.

Náisiúntacht: Poblacht Aontaithe na Tansáine.

Uimhir an phas: a) Poblacht Aontaithe na Tansáine AB850901 a rachaidh in éag 11 Nollaig 2026 b) Poblacht Aontaithe na Tansáine AB187304 (a chuaigh in éag an 28 Samhain 2016).

Seoladh: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Dáta ainmnithe na Náisiún Aontaithe: 20 Feabhra 2024.

Faisnéis eile: Liostaíodh Ahmad Mahmood HASSAN an 20 Feabhra 2024 de bhun mhíreanna 7(b), 7(e) agus 7(h) de rún 2293 (2016) agus mhír 3 de rún 2641 (2022), mar a athdhearbhaítear le mír 2 de rún 2688 (2023). Tá Ahmad Mahmood HASSAN i gceannas ar aonad de chuid eintitis atá faoi smachtbhannaí agus grúpa armtha eachtrach atá ag feidhmiú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó: na Comhfhórsaí Daonlathacha (ADF). Mar cheannaire ar an ADF, tá ceannas agus smacht éifeachtach ag Ahmad Mahmood HASSAN ar chomhraiceoirí an ghrúpa sin. Dá bhrí sin, tá baint ag Ahmad Mahmood HASSAN le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an

Chongó. Tá baint ag Ahmad Mahmood HASSAN le gairis phléascacha sheiftithe a tháirgeadh agus a mhonarú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, chomh maith le hionsaithe le gairis phléascacha sheiftithe a phleanáil, a ordú, a éascú nó tacú leo in aon slí eile i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

I dtagairt do mhír 7(b) de rún 2293 (2016): luaitear i dtuarascáil chríochnaitheach 2021 ó Ghrúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó go bhfuair Ahmad Mahmood HASSAN, mar "cheannasaí campa in Irungu/Mwalika, earcaigh nua ar chuir sé oiliúint mhíleata agus idé-eolaíoch ar fáil dóibh". Dá bhrí sin, tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

I dtagairt do mhír 7(e) de rún 2293 (2016): Bhí baint dhíreach ag Ahmad Mahmood HASSAN le hionsaithe ADF a phleanáil agus a chur i gcrích, lena n-áirítear ionsaí an 16 Meitheamh 2023 ar Mheánscoil Lhubiriha in Uganda, buamáil i mbaile beag Kasindi (críoch Beni) an 15 Eanáir 2023, agus ionsaí buama in Goma an 7 Aibreán 2022 inar maraíodh seisear agus inar gortaíodh 16 dhuine eile.

Tá Ahmad Mahmood HASSAN ar cheann de phríomhurraitheoirí na n-ionsaithe ar chríoch Uganda: Mpondwe, an 16 Meitheamh 2023 (maraíodh 42 shibhialtach), agus Páirc Náisiúnta na Banríona Eilís, an 17 Deireadh Fómhair 2023 (maraíodh triúr sibhialtach). De réir fhoinsí de chuid an Chongó agus Uganda, chuir sé oiliúint ar na haonaid chománlaigh a rinne na hionsaithe in Uganda agus stiúir sé iad ó Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, lena n-áirítear ceannasaí ADF MUSA KAMUSI. Is é Ahmad Mahmood HASSAN, mar aon leis an oifigeach sinsearach Meddie Nkalubo, atá i gceannas ar na mórionsaithe a phleanáil an ADF ar chríoch Uganda ó 2023.

Tráthnóna an 7 Aibreán 2022, tharla pléascadh ag beár i gcomharsanacht Mabanga Sud Goma, ar a dtugtar campa míleata Katindo freisin. Maraíodh seisear agus gortaíodh sé dhuine dhéag ar a laghad. Léirigh fianaise a bhailigh Grúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe ar an láthair, le comhthacú ó fhoinsí FARDC, dochtúirí fóiréinseacha, cuntais fhinnéithe agus foinsí ADF, go raibh an pléascadh mar thoradh ar chrios pléascach a chaith bean a maraíodh san ionsaí. Thuairiscigh triúr comhoibrithe ADF agus trí fhoinse faisnéise gur phleanáil an ADF an t-ionsaí a bhí ag brath ar a líonra comhoibrithe in Goma. Bhí triúr daoine aonair ar a laghad, a aithníodh mar "Hassan", "Yusuf" agus "Masika", mar chuid de líonra ADF in Goma agus bhí treoracha faighte acu ó Meddie Nkalubo agus Abwakasi (HASSAN). Ba é an t-ionsaí sin an chéad ionsaí doiciméadaithe a rinne an ADF in Goma inar úsáideadh gaireas pléascach seiftithe.

Luaitear freisin i dtuarascáil chríochnaitheach ó 2023 ó Ghrúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó gurb é HASSAN "a rinne an cinneadh críochnaitheach maidir le suíomh agus dátaí na n-ionsaithe le gaireas pléascach seiftithe, agus gur éiligh sé go marófaí an líon is mó daoine ab fhéidir." Mar gheall ar a phost ceannaireachta sinsearach laistigh den ADF agus an bhaint dhíreach a bhí aige le hionsaithe a phleanáil agus a stiúradh thar ceann an ADF, tá baint ag Ahmad Mahmood HASSAN dá bhrí sin le gníomhaíochtaí i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a phleanáil, a stiúradh, nó a dhéanamh, le gairis phléascacha sheiftithe, gníomhaíochtaí arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí ar chearta an duine.

I dtagairt do mhír 7(h) de rún 2293 (2016): luaitear i dtuarascáil chríochnaitheach 2021 ó Ghrúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó go bhfuair Ahmad Mahmood HASSAN, mar "cheannasaí campa in Irungu/Mwalika, earcaigh nua ar chuir sé oiliúint mhíleata agus idé-eolaíoch ar fáil dóibh". Dá bhrí sin, tá sé ag gníomhú thar ceann an ADF.

I dtagairt do mhír 3 (h) de rún 2641 (2022): luaitear i dtuarascáil chríochnaitheach 2021 ó Ghrúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó go raibh Ahmad Mahmood HASSAN, "freagrach as formhór na ngaireas pléascach seiftithe de chuid an ADF agus formhór an armlóin a thógáil ina champa." Tá sonraí i dtuarascáil chríochnaitheach 2023 ón nGrúpa Saineolaithe freisin maidir le roinnt buamaí a thóg Ahmad Mahmood HASSAN, lena n-áirítear gairis phléascacha sheiftithe a phléasc i margadh plódaithe i mbaile Beni an 25 Eanáir 2023. Tá baint ag Ahmad Mahmood HASSAN le gairis phléascacha sheiftithe a tháirgeadh agus a mhonarú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Luaitear freisin sa tuarascáil chríochnaitheach sin ó 2023 gurb é Ahmad Mahmood HASSAN "a rinne an cinneadh críochnaitheach maidir le suíomh agus dátaí na n-ionsaithe le gaireas pléascach seiftithe, agus gur éiligh sé go marófaí an líon is mó daoine ab fhéidir." Mar gheall ar a phost ceannaireachta sinsearach laistigh den ADF agus an bhaint dhíreach a bhí aige le hionsaithe a phleanáil agus a stiúradh thar ceann an ADF, tá baint ag Ahmad Mahmood HASSAN dá bhrí sin le hionsaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a choimisiúnú, a phleanáil, a ordú, a neartú, nó cabhrú leo, le gairis phléascacha sheiftithe.

41. Michel RUKUNDA

(ailias: MAKANIKA)

Ainmniú: Ceannasaí agus ceannaire míleata an ghrúpa armtha Twirwaneho.

Dáta breithe: 12 Meán Fómhair 1974.

Áit bhreithe: Minembwe,Kivu Theas, Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Seoladh: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Dáta ainmnithe na Náisiún Aontaithe: 20 Feabhra 2024.

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhír 7(c), 7(d) agus 7(e) de rún 2293 (2016) mar “cheannairí polaitiúla agus míleata mílístí Congólacha, lena n-áirítear iad siúd a fhaigheann tacaíocht lasmuigh de Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, a chuireann bac ar rannpháirtíocht a gcomhraiceoirí i bpróisis dí-armála, díshlógtha agus ath-imeasctha”; “leanaí a earcú nó a úsáid i gcoinbhleacht armtha i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó de shárú ar an dlí idirnáisiúnta is infheidhme”; “gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ar sáruithe nó mí-úsáidí ar chearta an duine nó sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta iad, de réir mar is infheidhme, lena n-áirítear na gníomhartha sin ina ndírítear ar shibhialtaigh, lena n-áirítear marú agus ballbhascadh, éigniú agus foréigean gnéasach eile, fuadach, easáitiú éigeantach, agus ionsaithe ar scoileanna agus ar ospidéil”; agus “gníomhú thar ceann nó faoi threoir duine aonair ainmnithe nó eintiteas ainmnithe, nó ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis aonair nó eintitis ainmnithe”, arna leathnú le rún 2688 (2023). Mar cheannaire míleata ar mhílíste armtha Congólach, tá baint ag Michel RUKUNDA le gníomhaíochtaí an ghrúpa a chur chun cinn agus tacú leo.

Is é Michel RUKUNDA ceannasaí agus ceannaire míleata foriomlán an ghrúpa armtha Twirwaneho, atá gníomhach in Kivu Theas. Faoina cheannas, earcaíonn an grúpa seo leanaí chomh hóg le 12 bhliain d’aois chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa chogaíocht, lena n-áirítear mar ghardaí, mar thionlacaithe pearsanta armtha do Michel RUKUNDA, agus mar chomhraiceoirí. Is ón bpobal Banyamulenge amháin beagnach a earcaíodh leanaí, uaireanta le lámh láidir. Faoi cheannaireacht Michel RUKUNDA ar Twirwaneho, mharaigh an grúpa armtha sibhialtaigh agus chuir sé pionós orthu as diúltú a bheith ina gcomhaltaí nó gan cead a thabhairt dá leanaí dul isteach ann.

42. Mohamed Ali NKALUBO

(ailias:a) Meddie NKALUBO b) Meddie LEE c) KASIBANTE d) Abou SHAUKAN e) DEFENDER f) PUNNY BOY g) Abdul JIHAD h) Abu SHAUKAN i) PUNISHER)

Ainmniú: Ceannaire sinsearach na bhna gComhfhórsaí Daonlathacha (ADF) le haghaidh oibríochtaí/eagrú/tacaíochta, agus le haghaidh cumarsáide agus bolscaireachta freisin.

Dáta breithe: a) 1987 b) 1988 c) 1991 d) 1992 e) 1993.

Áit bhreithe: Kampala, Uganda.

Náisiúntacht: Uganda.

Seoladh: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Dáta ainmnithe na Náisiún Aontaithe: 20 Feabhra 2024.

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhíreanna 7(b), 7(d), 7(e) agus 7(h) de rún 2293 (2016), mar a athdhearbhaítear le mír 2 de rún 2688 (2023): Tá Mohamed Ali NKALUBO tar éis dul i mbun gníomhartha arb ionann iad agus gníomhartha ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá sé fós i mbun gníomhartha den sórt sin agus baintear an bonn de shíocháin agus de shlándáil Phoblacht Dhaonlathach an Chongó leo. Tá ról tábhachtach ag Mohamed Ali NKALUBO i ngrúpa armtha ADF, eintiteas ainmnithe. Mar cheannaire sinsearach an ADF, comhroinneann sé an fhreagracht as coireanna a rinne ADF (maruithe, fuadach, creachadh, leanbhshaighdiúirí a earcú, mí-úsáid ghnéasach, agus trádáil neamhdhleathach, mianadóireacht, cánachas, agus leathadh arm) agus tá sé freagrach as ionsaithe leanúnacha d’aon ghnó an ghrúpa ar shibhialaigh in Ituri agus Kivu Thuaidh a chosaint. Aithníodh é freisin mar an té atá freagrach as airm a mhonarú do ADF agus bhí sé freagrach as athmhuintearas idir an ADF SIIL/an Stát Ioslamach chomh fada siar le 2017.

Tá Mohamed Ali NKALUBO tar éis mí-úsáid leanúnach arís agus arís eile a bhaint as a chumhacht mar cheannaire míleata ar an eintiteas ADF, ar a bhfuil smachtbhannaí, rud a bhaineann an bonn de shíocháin agus de shlándáil Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus a rinne sáruithe ar chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Phleanáil sé roinnt ionsaithe ar chríoch PDC nó ghlac sé páirt i bpleanáil na n-ionsaithe sin. An 15 Eanáir 2023, mhaidhm gaireas pléascach ADF in Eaglais Chincíseach in Kasindi, 56 km soir ó dheas ó chathair Beni (Cúige Kivu Thuaidh). Mharaigh an pléascadh, a tharla le linn seirbhís eaglaise, 13 shibhialtach ar a laghad agus gortaíodh os cionn 76 dhuine eile. An 2 agus an 3 Aibreán 2023, rinne ADF sraith ionsaithe inar maraíodh 31 sibhialtach ar a laghad gar do theorainn chríocha Mambasa agus Irumu (cúige Ituri). An 7 Aibreán 2023, rinne baill den ADF luíochán agus maraíodh 24 shibhialtach ar a laghad, lena n-áirítear 14 fhear agus deichniúr ban, i sráidbhaile Musamdaba gar do Enebuela, 25 km siar ó thuaidh ó chathair Beni. An 11 Aibreán 2023, rinne baill den ADF luíochán ar phatról de chuid MONUSCO a d’fhreagair ar ionsaí tuairiscithe in Mabelenga (cúige Ituri). Mar chomhordaitheoir oibríochtaí seachtracha ADF, déanann Mohamed Ali NKALUBO líonraí lóistíochta agus éascaithe ADF a chomhordú. Ó 2021 i leith, tá Mohamed Ali NKALUBO tar éis cistiú a aistriú chuig oibrithe ADF chun tacú le hoibríochtaí ar fud Réigiún Mór-Lochanna na hAfraice. Mar phríomhthógálaí na bhfeistí pléascacha sa ghrúpa, chuir sé oiliúint ar an mbuamadóir féinmharaithe a rinne ionsaí Katindo an 7 Aibreán 2022. Threoraigh Mohamed Ali NKALUBO freisin an t-ionsaí a rinneadh ar bhialann in Kampala, Uganda, an 23 Deireadh Fómhair 2021, a dhírigh ar shuíomh ar tuairiscíodh go mbíodh oifigigh Uganda ag tarraingt air. Bhí baint dhíreach aige freisin le hiarracht ar ionsaí i Ruanda i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 2021. Is dlúthchomhlach é den náisiúnach Tansánach Ahmed Mahmoud HASSAN ailias ABU WAKAS nó ABWAKASI, atá ar cheann de phríomhurraitheoirí na n-ionsaithe ar thalamh Uganda: Mpondwe, an 16 Meitheamh 2023, agus Páirc na Banríona Eilís, an 17 Deireadh Fómhair 2023.

Luaitear a ainm i dtuarascáil chríochnaitheach 2023 ó Ghrúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

43. William Amuri Yakutumba

(ailias: YAKUTUMBA)

Ainmniú: a) Ard-Rúnaí agus ceannaire an Coalition Nationale du Peuple pour la Souveraineté du Congo (CNPSC) (go dtí mí Feabhra 2023) b) bunaitheoir agus ceannaire MAI-MAI YAKUTUMBA.

Dáta breithe: a) 1970 b) 1972.

Áit bhreithe: Lunbondja, Críoch Fizi, Kivu Theas, Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Dáta ainmnithe na Náisiún Aontaithe: 20 Feabhra 2024.

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhíreanna 7(c), 7(d), 7(e) agus 7(g) de rún 2293 (2016), mar a athdhearbhaítear le mír 2 de rún 2688 (2023): Tá William Amuri YAKATUMBA tar éis dul i mbun gníomhartha arb ionann iad agus gníomhartha ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá sé fós i mbun gníomhartha den sórt sin agus baintear an bonn de shíocháin agus de shlándáil Phoblacht Dhaonlathach an Chongó leo.

Bhain William Amuri YAKATUMBU mí-úsáid leanúnach agus arís agus arís eile as a chumhacht i róil ceannaireachta míleata laistigh de mhílíste MAI MAI YAKUTUMBA chun an bonn a bhaint de shíocháin agus slándáil Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, lena n-áirítear trí thrádáil aindleathach agus trí shaothrú acmhainní nádúrtha, agus trí sháruithe ar chearta an duine a choimisiúnú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, lena n-áirítear éigniú, olléigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe. Phleanáil sé roinnt ionsaithe ar chríoch PDC i gcúigí Kivu Theas agus Thuaidh nó ghlac sé páirt i bpleanáil na n-ionsaithe sin. Ó 2021 ar aghaidh, bhí comhghuaillíocht MAI MAI i mbun caismirtíle grúpa armtha Twirwaneho, agus ionsaí á dhéanamh aici ar shibhialtaigh Banyamulenge. Seoladh roinnt ionsaithe i sráidbhailte timpeall Bibokoboko i mí Dheireadh Fómhair 2021, inar maraíodh thart ar 30 sibhialtach Banyamulenge, lena n-áirítear mná agus leanaí, agus as ar eascair easáitiú ollmhór. In 2021, ghlac mílíste MAI MAI YAKUTUMBA smacht ar mhianaigh óir Makungu, Kuwa agus Mitondo atá suite timpeall ar bhaile Misisi, agus ar tháirgeadh agus trádáil óir a thagann astu. I mí Feabhra 2023, briseadh William Amuri YAKUTUMBA as ceannaireacht CNPSC de bharr easaontas le Stiúrthóireacht Pholaitiúil na Comhghuaillíochta, nuair a chinn sé go haontaobhach aistriú go Kivu Thuaidh agus M23 a chomhrac.

Luaitear a ainm i dtuarascáil chríochnaitheach 2023 ó Grúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (féach Iarscríbhinn 73: Tionchar ghéarchéim M23 ar Kivu Theas).

44. Willy NGOMA

Ainmniú: a) Maor b) Urlabhraí míleata de chuid M23.

Dáta breithe: 1974.

Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Seoladh: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Dáta ainmnithe na Náisiún Aontaithe: an 20 Feabhra 2024.

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhíreanna 7(c), 7(e) agus 7(h) de rún 2293 (2016), mar a athdhearbhaítear le mír 2 de rún 2688 (2023): Tá Willy NGOMA tar éis dul i mbun gníomhartha arb ionann iad agus gníomhartha lena mbaintear an bonn de shíocháin agus de shlándáil Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá sé fós i mbun gníomhartha den sórt sin. Is ceannaire míleata agus urlabhraí míleata é de chuid M23, mílíste ón gCongó a fuair tacaíocht lasmuigh de Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus a chuireann bac ar na próisis dí-armála agus ath-imeasctha. Tá ról mór ag Willy NGOMA in eintiteas ainmnithe.

Tá mí-úsáid bainte ag Willy NGOMA as an gcumhacht atá aige arís agus arís eile sna róil ceannaireachta míleata atá aige laistigh den eintiteas M23 atá faoi smachtbhannaí chun an bonn a bhaint de shíocháin agus de shlándáil Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

Tá Willy NGOMA tar éis a bheith ina urlabhraí míleata ar an eintiteas M23 atá faoi smachtbhannaí. Ina cháil mar urlabhraí míleata M23, tá freagracht air as coireanna a rinne M23 (maruithe, fuadach, creachadh, leanbhshaighdiúirí a earcú, mí-úsáid ghnéasach, agus trádáil neamhdhleathach, mianadóireacht, cánachas, agus leathadh arm) agus tá sé freagrach go díreach as ionsaithe leanúnacha M23 in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó a chosaint agus as a bheith i mbun cumarsáide mar gheall orthu.

Luaitear a ainm i dtuarascáil chríochnaitheach 2023 ó Ghrúpa Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (féach, *inter alia* Iarscríbhinn 25: Ceannaireacht agus struchtúr M23; Iarscríbhinn 26: Faisnéis bhreise maidir le harmra agus le trealamh míleata M23).';

(2) Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach in ionad na n-iontrálacha comhfhreagracha i liosta na ndaoine nádúrtha a leagtar amach i gCuid '(a) Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 3(1)', d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES:

'37. Bernard Maheshe BYAMUNGU

(ailias: Tiger One)

Ainmniú: a) Briogáidire-Ghinearál b) Leas-Cheannasaí oibríochtaí agus faisnéise do M23.

Dáta breithe: 10 Deireadh Fómhair 1974.

Áit bhreithe: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Seoladh: Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Dáta ainmnithe na Náisiún Aontaithe: 25 Deireadh Fómhair 2023.

Faisnéis eile: Liostaítear é de bhun mhíreanna 7(c) agus 7(h) de rún 2293 (2016) mar gheall ar an méid seo a leanas: "ceannairí polaitiúla agus míleata mhílístí an Chongó, lena n-áirítear iad siúd a fhaigheann tacaíocht lasmuigh de Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, a chuireann bac ar rannpháirtíocht a gcomhraiceoirí i bpróisis dí-armála, díshlógtha agus ath-imeasctha" agus "ag gníomhú thar ceann duine aonair nó eintiteas ainmnithe nó faoina stiúir, nó ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis aonair nó eintitis ainmnithe", mar a athdhearbhaítear le mír 2 de rún 2688 (2023). Mar cheannaire ar M23, tá baint aige le gníomhaíochtaí an ghrúpa armtha a chur chun cinn agus tacú leo. Tugadh ardú céime dó i mí Eanáir 2023 do Bhriogáidire d'Arm Réabhlóideach an Chongó, brainse armtha M23. Ceapadh ansin é ina cheann foirne agus ina ionadaí do Sultani Makenga, agus tá an phleanáil le haghaidh gach oibríocht M23 i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó bailíochtaithe aige ó shin i leith. D'eisigh údaráis an Chongó barántas chun é a ghabháil.

Faisnéis bhreise ón insint achomair ar na cúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Na cúiseanna lena liostú: Liostaíodh Bernard Maheshe BYAMUNGU an 25 Deireadh Fómhair 2023 de bhun mhíreanna 7 (c) agus 7 (h) de rún 2293 (2016), mar a athdhearbhaítear le mír 2 de rún 2688 (2023): Tá sé tar éis dul i mbun gníomhartha lena mbaintear an bonn de shíocháin agus de shlándáil Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá sé fós i mbun gníomhartha den sórt sin. Is ceannaire míleata de chuid mílíste ón gCongó é a fuair tacaíocht lasmuigh de Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus a chuireann bac ar an bpróiseas dí-armála agus ath-imeasctha. Tá Bernard Maheshe BYAMUNGU i gceannas ar M23, eintiteas ainmnithe.

Faisnéis bhreise: Tá mí-úsáid bainte ag Bernard Maheshe BYAMUNGU as an gcumhacht atá aige arís agus arís eile sna róil ceannaireachta míleata atá aige laistigh de roinnt grúpaí armtha chun sáruithe ar chearta an duine a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Bhí Bernard Maheshe BYAMUNGU ina cheannasaí míleata sinsearach de chuid RCD-Goma ar an 8ú Briogáid. I gcaitheamh an ama sin, phleanáil sé agus stiúir sé ainghníomhartha in Kindu, lena n-áirítear básuithe seachbhreithiúnacha poiblí triúir saighdiúirí ar shráideanna Kindu. Ina dhiaidh sin, bhí sé freagrach as líon mór maruithe faille a rinneadh ar shibhialtaigh in Kivu, ar sáruithe ar chearta an duine iad. Ó bhí 2012 ann, ar a laghad, tá Bernard Maheshe Byamungu ina chleamhnaí agus ina cheannaire ar an eintiteas M23, atá faoi smachtbhannaí. Ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2022 ann, tá Bernard Maheshe BYAMUNGU ina Leas-Cheannasaí oibríochtaí agus faisnéise ar M23, a rinne ainghníomhartha i gcoinne sibhialtach i Kishishe, agus rudaí nach iad, an 29 Samhain 2022.

38. Protogène RUVUGAYIMIKORE

(ailias: a) Ruhinda b) Gaby Ruhinda c) Zorro Midende d) Gatokarakura)

Ainmniú: Ceannasaí aonad speisialta FDLR, "Commando de recherche et d"action en profondeur', ('CRAP'), ar a dtugtar anois Maccabe.

Dáta breithe: a) 1968 b) 1969 c) 1970.

Áit bhreithe: a) Karandaryi Cell, Mwiyanike Sector, Karago Commune, Gisenyi Prefecture, Rwanda b) Nyabihu District, Western Province, Ruanda.

Seoladh: Nyiragongo, Kivu Thuaidh, Poblacht Dhaonlathach an Chongó.

Dáta ainmnithe na Náisiún Aontaithe: 25 Deireadh Fómhair 2023.

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhíreanna 7(b), 7(e) agus 7(h) de rún 2293 (2016) mar 'cheannairí polaitiúla agus míleata ar ghrúpaí armtha eachtracha atá ag oibriú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus a chuireann bac ar dhí-armáil agus ar aisdúichiú nó athlonnú deonach na gcomhraiceoirí a bhaineann leis na grúpaí sin'; 'gníomhartha a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí ar chearta an duine nó sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme, lena n-áirítear na gníomhartha sin a dhírítear ar shibhialtaigh, lena n-áirítear marú agus mascadh, éigniú agus foréigean gnéasach eile, fuadach, easáitiú éigeantach, agus ionsaithe ar scoileanna agus ar ospidéil'; agus 'ag gníomhú thar ceann duine aonair nó eintiteas ainmnithe nó faoina stiúir, nó ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis aonair nó eintitis ainmnithe', mar a athdhearbhaítear le mír 2 de rún 2688 (2023). Mar cheannaire ar FDLR, tá ceannas agus smacht éifeachtach aige ar chomhraiceoirí an ghrúpa sin.'

Faisnéis bhreise ón insint achomair ar na cúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Na cúiseanna lena liostú: Liostaíodh Protogène RUVUGAYIMIKORE an 25 Deireadh Fómhair 2023 de bhun mhíreanna 7 (b), 7 (e) agus 7 (h) de rún 2293 (2016), mar a athdhearbhaítear le mír 2 de rún 2688 (2023).

Dá bhrí sin, tá baint ag Protogène RUVUGAYIMIKORE le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

Tá Protogène RUVUGAYIMIKORE i gceannas ar aonad de chuid FDLR, eintiteas atá faoi smachtbhannaí agus gníomhaíonn sé thar ceann daoine aonair ainmnithe.

Faisnéis bhreise: Tá Protogène RUVUGAYIMIKORE ina cheannaire ar na Fórsaí Daonlathacha ar son Shaoirse Ruanda – Forces Combattantes Abacunguzi (FDLR-FOCA), grúpa armtha ainmnithe atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tá sé i gceannas ar aonad speisialta, 'Commando de recherche et d'action en profondeur', (CRAP) (ar a dtugtar anois Maccabe) de chuid FDLR-FOCA. Ó bhí 2023 ann ar a laghad, tá comhraiceoirí nua á earcú agus á n-oiliúint go gníomhach ag FDLR-FOCA chun aonad speisialta Protogène RUVUGAYIMIKORE a threisiú.

Ina ról san FDLR-FOCA, tá baint ag Protogène RUVUGAYIMIKORE le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Déanann Protogène RUVUGAYIMIKORE maoirseacht ar oiliúint agus earcú comhraiceoirí d'eintiteas ainmnithe agus oibríonn sé go díreach le daoine aonair atá faoi smachtbhannaí, is iad sin, 'an Leifteanant-Ghinearál' GASTON IYAMUREMYE agus 'an Ginearál' PACIFIQUE Ntawunguka.';

(3) Baintear na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach i Roinn 'A. Daoine' d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES:

'11. Meddie NKALUBO;

15. Willy NGOMA;

16. William YAKUTUMBA;

19. Michel RUKUNDA;

21. Ahmad Mahmood HASSAN;

24. Apollinaire HAKIZIMANA.'.